CINNEADH (CBES) 2022/1626 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na hAfraice Láir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Nollaig 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/798/CBES [1] a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na hAfraice Láir.

(2) Measann an Chomhairle gur cheart teideal Chinneadh 2013/798/CBES a leasú.

(3) An 29 Iúil 2022, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2648 (2022). Leis an Rún sin, cuirtear síneadh leis na bearta agus leasaítear na heisceachtaí ar an trádbhac arm.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/798/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"Cinneadh 2013/798/CBES ón gComhairle an 23 Nollaig 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir";

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) airm agus ábhar gaolmhar arna dtabhairt isteach i bPoblacht na hAfraice Láir ag fórsaí Shead nó na Súdáine lena n-úsáid go heisiach i bpatróil idirnáisiúnta an fhórsa thrípháirtigh a bhunaigh Poblacht na hAfraice Láir, Sead agus an tSúdáin an 23 Bealtaine 2011 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, chun an tslándáil sna comhlimistéir teorann a fheabhsú, i gcomhar le Minusca, mar a cuireadh in iúl don Choiste roimh ré;";

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

"(g) armáin agus armlón, feithiclí agus trealamh míleata a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, agus cúnamh gaolmhar a thabhairt, d'fhórsaí slándála Phoblacht na hAfraice Láir, lena n-áirítear institiúidí sibhialta forfheidhmithe dlí an stáit, i gcás ina mbeidh na harmáin, an t-armlón, na feithiclí nó an trealamh sin beartaithe go heisiach lena n-úsáid i bpróiseas athchóirithe earnáil slándála Phoblacht na hAfraice Láir nó chun tacú leis an bpróiseas sin, faoi mar a cuireadh in iúl roimh ré don Choiste; nó";

(c) i mír 1, scriostar pointe (h);

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2;

"2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choiste sula ndéanfar aon díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú, mar a cheadaítear i bpointí (a), (b), (c), (d), (f) agus (g) de mhír 1.".

[1] Cinneadh 2013/798/CBES ón gComhairle an 23 Nollaig 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na hAfraice Láir (IO L 352, 24.12.2013, lch. 51).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. BEK